Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5274/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0350(NLE)**

**ESPACE 5**
**EEE 2**
**RECH 10**
**COMPET 35**
**IND 18**
**EU-GNSS 2**
**TRANS 8**
**AVIATION 2**
**MAR 3**
**TELECOM 10**
**MI 25**
**CSC 32**
**CSCGNSS 2**
**CSDP/PSDC 25**
**AELE 3**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar ar sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán |

**CINNEADH …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú an Chomhaontaithe**
**idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn**
**lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne**
**i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais**
**agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán,**
**agus maidir le rochtain ar ar sheirbhísí GOVSATCOM**
**agus sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 14 Nollaig 2023, léirigh an Íoslainn a spéis fhoirmiúil tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú d'fhonn a bheith rannpháirteach i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar ar sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

(2) An 25 Feabhra 2025 d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannphairtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán ('an Comhaontú'). Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 16 Meitheamh 2025.

(3) Tá comhar seanbhunaithe ag an Íoslainn leis an Aontas i réimse an spáis agus tá sí rannpháirteach i roinnt comhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais.

(4) Tá comhaontú maidir le nósanna imeachta slándála um malartú faisnéise rúnaicmithe tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag an Íoslainn[1].

[1] Comhaontú idir Poblacht na hÍoslainne agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú (IO L 184, 6.7.2006, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2006/467/oj).

(5) Ó thaobh na geopholaitíochta de, le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le rochtain na hÍoslainne ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip. Le Comhaontú leis an Íoslainn, neartófar seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[2+].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[2] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.
[+] Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 5275/26.